EirGrid

An Bhearna Phá idir na hInscní

Tuarascáil 2024

EirGrid.ie





Martin Corrigan
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)

Áit oibre níos ilghnéithí agus níos ionchuimsithí a fhorbairt

Tá EirGrid freagrach as soláthar leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa – san am i láthair agus amach anseo. Tá ról uathúil againn maidir leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú, ag tacú le hÉirinn spriocanna Gníomhaithe Aeráide an Rialtais a bhaint amach.

Tuigimid an gá atá le leanúint ar aghaidh ag tógáil ionad oibre níos éagsúla agus níos uilechuimsithí chun cabhrú lenár n-uaillmhianta a bhaint amach agus na hathruithe a theastaíonn chun an córas cumhachta a bhunathrú a sheachadadh.

Beidh sé ina chuid ríthábhachtach dár gcuid oibre go leanfaimid linn maidir le níos mó ban a mhealladh isteach san earnáil leictreachais agus isteach in EirGrid, agus ag cinntiú go gcothóimid agus go bhforbróimid tallann ag gach leibhéal san eagraíocht. Leanann ár gClár Iarchéime, mar shampla, le cothromaíocht inscne a choinneáil.

Is rud dearfach é go bhfuil níos mó ban anois ná riamh i róil cheannaireachta shinsearacha, rud a fhágann go bhfuil muid chun tosaigh ar an tionscal níos leithne ó thaobh ionadaíochta de. Mar sin féin, toisc gur tharla na hathruithe pearsanra seo le déanaí, ní léirítear iad inár dtuarascáil go fóill.

Mar fhoireann cheannaireachta, aithnímid an méadú atá tagtha ar thoradh na bliana seo agus gur gá níos mó a dhéanamh chun athrú a sheachadadh. Cabhraíonn an tuarascáil seo linn na cúiseanna atá taobh thiar den bhearna phá idir na hinscní atá ann faoi láthair a aithint, ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh leis na tionscnamh a chabhróidh chun í a dhúnadh a chur chun chinn agus a fhorbairt.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcuirtear fáilte roimh chách a thagann isteach inár gcuideachta, go gcothaítear iad agus go dtacaítear leo. De réir mar a leanann ár n-eagraíocht ag fás, glacaimid leis na hathruithe dearfacha ar ár gcultúr a bhaineann le lucht saothair éagsúil agus táimid ag tnúth le bheith ag obair i dtreo athruithe níos dearfaí fós.

Cuirtear fáilte roimh chách a thagann isteach inár gcuideachta.

Cabhrú le cultúr uilechuimsitheach agus forásach a chur chun cinn

Ní hamháin gur sprioc é lucht saothair éagsúil uilechuimsitheach a chothú, ach is cumasóir bunúsach é chun ár misean in EirGrid a bhaint amach. Agus muid ag obair i dtreo córas cumhachta na hÉireann a bhunathrú, táimid ag obair go dian chun ár n-eagraíocht a bhunathrú tuilleadh chun an éagsúlacht a spreagadh agus chun tacú léi go gníomhach ag gach leibhéal.

Cé gur léiriú láidir é bearna phá idir na hinscní na bliana seo ar an gcothromaíocht inscne atá ann faoi láthair laistigh de ETIM, léiríonn sé an gá atá le leanúint ar aghaidh maidir le tionscnaimh nua a chur chun cinn a bhunathróidh ár n-eagraíocht agus a chuirfidh feabhas leanúnach ar ár gcultúr.

Le bliain anuas, tá socruithe oibre níos solúbtha curtha ar fáil againn, rud a thugann cothromaíocht níos fearr don saol oibre agus deiseanna d'fhostaithe a ngairmeacha beatha a chothú agus a fhorbairt in EirGrid.

In 2024, thugamar isteach ceithre líonra uilechuimsithe, lena n-áirítear ceann amháin dírithe ar chothromaíocht inscne, chun cabhrú le cultúr uilechuimsitheach agus forásach a chur chun cinn, agus tacaíocht á tabhairt dár ndaoine braistint muintearais a mhothú san áit oibre ag an am céanna.

Leanann ár gClár Iarchéime le cothromaíocht inscne de thart ar 50:50 a choinneáil. Tá sé seo ríthábhachtach chun ár gcothromaíocht inscne a mhéadú amach anseo. De réir mar a aithnímid an gá a bhaineann le mná a spreagadh isteach in ábhair ETIM ó aois óg, leanamar lenár gcomhoibriú le comhlachtaí ar nós Innealtóirí Éireann agus dhearamar comórtais scoile le SciFest agus Nuálaithe Sóisialta Óga.

De réir mar a leanann turas EirGrid ar aghaidh, tá sceitimíní orm faoina bhfuil le teacht agus muid ag leanúint ar aghaidh ag glacadh céimeanna dearfacha chun todhchaí ETIM in Éirinn a mhúnlú agus a chothromú sna blianta amach romhainn.

Leanann ár gClár Iarchéime le cothromaíocht inscne de thart ar 50:50 a choinneáil.



Sarah Downing
Príomhoifigeach Daoine agus Acmhainn

Cad atá i gceist leis an mBearna Phá idir na hInscní?

Is éard atá i gceist leis an mBearna Phá idir na hInscní ná an difríocht sa mheánráta pá in aghaidh na huaire a fhaigheann mná agus fir atá ag obair in eagraíocht ar leith. Is é an aidhm atá ann ná léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar ionadaíocht chothrom ar mhná thar leibhéil éagsúla sinsearachta in eagraíocht.

Ceanglaíonn reachtaíocht na hÉireann ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu a mbearna phá idir na hinscní, in aghaidh na huaire, a thuairisciú bunaithe ar raon méadrachta.

Pointe tábhachtach is ea nach ionann an bhearna phá idir na hinscní agus pá comhionann. Ceanglaítear pá comhionann faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus is ann dá leithéid d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann mná agus fir, a bhfuil an ról céanna acu, pá comhionann. In EirGrid tá na ceapacháin a dhéanaimid bunaithe ar fhiúntas agus tá an ráta pá bunaithe ar an taithí agus ar na scileanna a bheidh in úsáid ag mná agus fir le linn dóibh a ról a chomhlíonadh.

Bíonn an bhearna phá idir na hinscní dírithe ar ionadaíocht inscne agus measúnú á dhéanamh ar mheántuilleamh ban agus fear.



Is ar éigean go dtugaim aird ar m'inscne le linn dom mo ról a chomhlíonadh, a bhuí leis an éagsúlacht in EirGrid. Idirghníomhaím le roinnt comhghleacaithe ban i bpoist shinsearacha freagrachta. Is léiriú é seo ar chultúr uilechuimsitheach le hionadaíocht mhaith ban ar féidir a fheabhsú i dtreo na cothroime san ionad oibre.

Jeanne Julliet Achieng
Innealtóir Ceannais Sinsearach, Idirnasc



Ní hionann comhionannas domsa agus caitheamh mar an gcéanna le gach duine. Is éard atá i gceist leis go n-aithnítear go bhfuil daoine difriúil agus a chinntiú go ndéantar na difríochtaí seo a mheas agus go bhfreastalaítear orthu agus go mbíonn daoine ar a suaimhneas agus go bhfuil siad go hiomlán in ann a bheith rannpháirteach san eagraíocht agus a gcuid buanna agus inniúlachtaí nádúrtha a úsáid. Tá an cur chuige cothromaithe seo riachtanach le haghaidh eagraíocht éagsúil iolraíoch agus feidhmíonn sé mar mhúnla maith don tsochaí.

Reesha Toms
Anailísí Inbhuanaitheachta

Conas a Ríomhtar Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní?

An Bhearna Phá Mheánach

An difríocht idir meánphá na mban (meán) in aghaidh na huaire agus meánphá na bhfear (meán) in aghaidh na huaire

An Bhearna Phá Airmheánach

An difríocht idir pá airmheánach na mban (bean a bhfuil an lár-ráta pá á fháil aici) in aghaidh na huaire agus pá airmheánach na bhfear (an fear a bhfuil an lár-ráta pá á fháil aige) in aghaidh na huaire.

Na Ceathairíleanna

Ríomhtar ceathairíleanna pá trí gach fostaí in eagraíocht a roinnt i gceithre ghrúpa chothroma bunaithe ar a leibhéal pá. Is bealach é sin chun léargas a fháil ar an ionadaíocht inscne ag leibhéil dhifriúla na heagraíochta.

An Tréimhse Tuairiscithe

Iúil 2023 go Meitheamh 2024

Modh ríofa ár meánbhearna phá idir na hinscní:

€ + € + € ÷ An líon fostaithe baineanna

An difríocht = An Mheánbhearna Phá

€ + € + € ÷ An líon fostaithe fireanna



Is ábhar misnigh é líon na mban i ranna Faisnéise agus Teicneolaíochta EirGrid ag fás gach bliain a fheiceáil, rud a chruthaíonn timpeallacht níos uilechuimsithí agus níos cumhachtaí do chách. Tá bród orm cur le tiomantas EirGrid don fhuinneamh in-athnuaite agus don éagsúlacht, agus táim ar bís a bheith mar chuid de chuideachta a chothaíonn comhdheiseanna do chách.

Andrea Guzman

Innealtóir Feidhmchláir TF um Chórais Mhargaidh

Ár n-Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024

13.5%

Méanbhearna Phá in aghaidh na hUaire 2023

11.9%

Bearna Phá Airmheánach in aghaidh na hUaire 2023

Ceathairíleanna

	Baineann	Fireann
Ceathairíl Uachtarach	26%	74%
Ceathairíl Lár-Uachtarach	25%	75%
Ceathairíl Lár-Íochtarach	37%	63%
Ceathairíl Íochtarach	48%	52%
Iomlán	34%	66%

Léargais Sonraí

Bhí roinnt fachtóirí a chuidigh leis an mBearna Phá idir na hInscní a aistriú go 13.5% i mbliana.

“ Le linn an athstruchtúraithe eagraíochtúil a rinneadh le déanaí ag leibhéil an Fheidhmeannais agus na gCeannairí Feidhme, thugamar faoi deara athrú sealadach ar an meánphá in aghaidh na huaire iomlán, le laghdú beag do mhná agus méadú d’fhir ”

“ Tá cothromaíocht inscne níos fearr á fheiceáil againn sna daoine a théann isteach ag leibhéil luathghairme ach chuireamar fáilte roimh níos mó fir nua a chuaigh isteach san iomlán, rud a chuir le méadú ar líon na bhfear sna Ceathairíl Uachtaracha i gcomparáid leis an mbliain seo caite. ”

- Susan Buckley, Ceannasaí Cúitimh agus Sochar

Liúntais agus Íocaíocht Seala

Tá níos mó fear ag EirGrid faoi láthair i róil oibríochtúla lena mbaineann sceidil oibre neamhchaighdeánacha a thabhaíonn íocaíochtaí breise. Bíonn tionchar ag na híocaíochtaí breise seo, lena n-áirítear liúntais seala, ar an luach saothair iomlán agus cuireann siad lenár mbearna phá idir na hinscní.

Tionscal ETIM

Aithnímid go bhfuil ann d’éagothroime inscne sa tionscal ETIM. Bíonn tionchar aige seo ar ár gcumas mná a mhealladh agus a earcú chuig róil áirithe laistigh de EirGrid. Táimid ag déanamh gach iarracht mná óga a spreagadh chun tabhairt faoi ghairm bheatha ETIM, trí chomhoibriú le hInnealtóirí Éireann agus cláir éagsúla le mic léinn chéad, dara agus tríú leibhéal.

Conas atáimid ag Feabhsú?

Solúbthacht
Cuireann beartais solúbthachta nua EirGrid ar chumas ár ndaoine cothromaíocht oibre agus saoil a chruthú a oibríonn dóibh.

Obair Chumaisc
Oibrímid múnla 2:3, rud a chiallaíonn go bhfuil an tsolúbthacht ag ár ndaoine oibriú ón mbaile suas le 3 lá in aghaidh na seachtaine.

Croíuaireanta
Ciallaíonn ár gcroíuaireanta gur féidir lenár ndaoine tosú ar an obair am ar bith roimh 10am agus logáil amach tar éis 4pm. Cuireann sé seo ar chumas ár ndaoine a lá oibre a chur in oiriúint dá ndualgais laethúla.

Róil le huaireanta laghdaithe
Tuigimid nach mbíonn gach duine ag iarraidh uaireanta oibre lánaimseartha a chur i gcrích. Nuair is cuí, is féidir lenár ndaoine conarthaí a dhéanamh ar uaireanta laghdaithe a oibríonn lena stíl mhaireachtála.



Mar mhná in EirGrid, tacaímid lena chéile, déanaimid abhcóideacht ar a chéile agus spreagaimid a chéile chun iarracht a dhéanamh poist cheannaireachta a bhaint amach. Go pearsanta, fuair mé go leor tacaíochta le linn mo ghairm bheatha éagsúil in EirGrid. Ina theannta sin, cuireann roghanna solúbthachta EirGrid, lena n-áirítear oibriú 4 lá sa tseachtain, ar mo chumas agam feidhmiú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus mo shaol á chothromú agam lasmuigh den obair.

Ciara Corby
Ceannasaí Forbartha Tallainne

Conas atáimid ag Feabhsú?

Uileghabhálacht

Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don uilechuimsitheacht ag EirGrid. Aithnímid an láidreacht a thagann as lucht saothair ilghnéitheach a bheith againn agus an tábhacht a bhaineann le cultúr tacaíochta do chách nó do dhaoine chun a gcumas a bhaint amach. I mbliana, tá seaimpíní éagsúlachta ceaptha againn ag leibhéal an fheidhmeannais agus an bhoird, chun a chinntiú go bhfanann an éagsúlacht agus an uilechuimsitheacht chun tosaigh inár gcuid oibre.

Líonraí Uilechuimsithe

I mbliana, d'fhorbraíomar ceithre líonra uilechuimsithe. Tá na líonraí deartha chun cultúr uilechuimsitheach a chruthú a chuireann ar chumas ár ndaoine braistint muintearais a mhothú ag an obair.

Nasc Cultúir
Culture Connect

Cúrsaí Inscne
Tábhachtacha
Gender Matters

T.G.C.C.
S.E.E.N.

Bród
Pride



Lá Éagsúlachta agus Uilechuimsithe EirGrid, 2024



Táimid ag tacú le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú laistigh den ghnó agus á leabú isteach inár gcultúr. Tá mé i mo bhall de cheann de na ceithre Líonra Uilechuimsithe éagsúla a chuidíonn le cultúr uilechuimsitheach a normalú do chách.

Creidimid in ionad oibre cothromasach dár mbaill foirne go léir agus tá tionscnaimh á gcur chun cinn againn chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú. Tá an t-athrú seo á chur i gcrích againn ar roinnt bealaí lena n-áirítear socruithe solúbtha oibre feabhsaithe a thairiscint dár ndaoine. Tá sé seo ag mealladh níos mó iarratasóirí baineanna chuig deiseanna le EirGrid.

Derek Drumm
Ceann Foirne Fála Tallainne



Mar gheall ar an gcultúr éagsúil agus uilechuimsitheach anseo in EirGrid bhí mé in ann muinín a chothú i mo scileanna mar innealtóir. In EirGrid mothaím go n-éistear le mo thuairimí agus mo smaointe agus go gcuirtear luach orthu. Roinneann mo chomhghleacaithe a gcuid saineolais liom pé áit ar féidir leo. Tá go leor spáis tugtha dom bogadh i dtreo na hoibre a bhfuil spéis agam ann. Tá baint agam leis an ngréasán bróid in EirGrid, tugann sé braistint cuspóra agus muintearais dom. Baineann smaointe agus peirspictíochtaí nua le níos mó éagsúlachta san ionad oibre. In EirGrid tá eiseamláirí agam d'innealtóirí ban i bpoist cheannaireachta shinsearacha, rud a ligeann dom a shamhlú cén áit ar mhaith liom dul le mo ghairm bheatha.

Abbey Corr
Innealtóir Iarchéime

Tá baint agam leis an ngréasán bróid in EirGrid, tugann sé braistint cuspóra agus muintearais dom.

Creidimid in ionad oibre cothromasach dár mbaill foirne go léir

Tugann EirGrid tacaíocht láidir don chomhionannas inscne agus don athrú a chur chun cinn...

Táimid fós ag tús ár dturais, tá mé ar bís faoin tionchar a bheidh ag na líonraí seo ar an eagraíocht ina hiomláine.



Chaith mé an chuid is mó de mo ghairm bheatha in EirGrid agus bhí roinnt post ceann feidhme agam. Is timpeallacht thar a bheith uilechuimsitheach agus tacúil é EirGrid do cheannairí baineanna. Is urraitheoir mé ar an líonra uilechuimsithe Cúrsaí Inscne Tábhachtacha, grúpa comhoibrithe tras-chuideachta a chuireann tionscnaimh chun cinn chun comhionannas inscne a chur chun cinn do chách. Tacaíonn EirGrid go láidir leis an gcomhionannas inscne agus cuireann sé athruithe chun cinn chun cur ar chumas ceannairí, idir fhir agus mhná, a bheith rathúil.

Claire Kane
Ceannasaí Socrúcháin



Is éard atá i gceist le comhionannas, dar liomsa, ná dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh - lena gcuimsítear cothromaíocht oibre-saoil, pá, oideachas, solúbthacht, meantóireacht agus cosáin le haghaidh fás pearsanta agus gairmiúla. Tá sé ríthábhachtach don chomhionannas timpeallacht a chothú inar féidir le gach duine a bheith rathúil. Lasmuigh de mo ról ó lá go lá, tá baint ghníomhach agam le cláir an Líonra Chuimsithe. Cé go bhfuilimid fós ag tús ár dturais, tá mé ar bís faoin tionchar a bheidh ag na líonraí seo ar an eagraíocht ina hiomláine.

Alison Reilly
Speisialtóir Bainistíochta Díoltóirí

Ag Dul ar Aghaidh

Táimid ag forbairt leathanach gréasáin **Saol in EirGrid** chun ár luachanna agus ár mbuntáistí don fhoireann agus d'fhostaithe féideartha a liostú go trédhearcach

Tá **suirbhé cultúir** déanta againn agus gníomhóimid ar an aiseolas i rith 2025

Tá ár bhfoirne ag cur lena gcuid scileanna le **hoiliúint earcaíochta uilechuimsitheach** chun a chinntiú go bhfuil ár bpróiseas earcaíochta cothrom do chách

Táimid **ag déanamh athbhreithniú leanúnach ar ár mbuntáistí** chun a chinntiú go bhfaigheann ár bhfoireann gach rud a theastaíonn uathu dá bhfolláine laistigh agus lasmuigh dá saol oibre.

Táimid ag infheistiú i **gcláir uilechuimsitheacha breisoiliúna** chun go mbeidh ár ndaoine i mbarr a maitheasa

Leanaimid orainn ag tairiscint deiseanna gairme fairsinge thar réimse disciplíní



Forléargas ar Mhéadracht Tuairiscithe

Leagtar amach sa tábla (ar dheis) an bhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire bunaithe ar raon méadrachta a cheanglaítear san Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021.

Tá na sonraí atá le fáil sa tábla seo bunaithe ar an tréimhse tuairiscithe idir an 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

Léirítear san anailís ar na sonraí seo méadú 3.2% ar an mbearna phá idir na hinscní

Líon iomlán na bhfostaithe	605
Dáileadh Inscne	400 Fear – 66.1% 205 Ban – 33.9%
Bearna Bónais	Meán: 18.7% Airmheán: 11.9%
Céatadán a fhaigheann Bónas	90.5% Fir 90.2% Mná
Céatadán a fhaigheann Sochar Comhchineáil	100% Fir 100% Mná
Foireann Pháirtaimseartha – Bearna Phá idir na hInscní	Meán: -26% Airmheán: -34%

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, 4D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856